

# COMHAIRLE CATHRACH PHORT LÁIRGE

SCÉIM TEANGA 2008-2011

# COMHAIRLE CATHRACH PHORT LÁIRGE

## SCÉIM TEANGA 2008-2011

### Réamhrá agus Cúlra

Tá Scéim Teanga de réir Alt 11 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ullmhaithe ag Comhairle Cathrach Phort Láirge. Ullmhaíodh an scéim de réir na dTreoirínte in Alt 12 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 arna eisiúint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. D'fhoilsigh Comhairle Cathrach Phort Láirge fógra á rá go raibh sé ar intinn aici scéim a ullmhú de réir Alt 13(1)(a) den Acht i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta agus i nuachtáin Ghaeilge agus ag [www.waterfordcity.ie](http://www.waterfordcity.ie).

Foráiltear in Alt 11 den Acht go mbeidh sé de cheangal ar chomhlachtaí poiblí d'fhonn úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát Scéim a ullmhú ina sonrú na seirbhísí a bheartóidh an comhlacht poiblí a sholáthar:

- Trí Ghaeilge amháin.
- Trí Bhéarla amháin, agus
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon

chomh maith leis na céimeanna a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go gcuirfear ar fáil trí Ghaeilge in imeacht ama na seirbhísí sin nach bhfuil á soláthar trí Ghaeilge anois.

In san Scéim:

1. Ciallaíonn “An tAcht” Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
2. Ciallaíonn “CCPL” Comhairle Cathrach Phort Láirge

Coimrítear sa Scéim forléargas ar Chomhairle Cathrach Phort Láirge, na seirbhísí a chuireann sí ar fáil agus leibhéal na seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge, trí Béarla agus go dátheangach.

I gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá gach custaiméir i dteideal freagra Gaeilge ar chumarsáid i nGaeilge, agus foilseacháin thábhachtacha áirithe a bheith ar fáil dó/di sa dá theanga oifigiúla .i. Tuarascáil Bhliantúil, Ráiteas Airgeadais Bhliantúil.

Tá na cearta sin cosanta in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ní dhéantar aon athrá orthu sa Scéim seo. Tá sé d’aidhm ag an scéim seirbhísí eile trí Ghaeilge a fheabhsú.

### 2. Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim an 1 Meitheamh 2008 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is túisce.

### **3. Plean Corparáideach 2004-2009**

#### **Ráiteas Misin**

Sárchathair a dhéanamh de Chathair Phort Láirge trí cheannaireacht dhaonlathach agus trí sheirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh.

#### **Bunluachanna**

- Daoine agus a gcuid riachtanas a bheith lárnach inár ngníomhaíochtaí, ómós a thabhairt dá gcuid tuairimí, do cibé rud atá siad ag tóraíocht agus do cibé rud is cás leo.
- Aitheantas a thabhairt do scileanna, d'eolas, do shaineolas, d'ionracas, agus do thábhacht na ndaoine atá fostaithe againn agus gach duine acu a chur chun cinn de réir an chumais atá ann/inti.
- Ról na gcomhaltaí tofa maidir le hionadaíocht agus le ceapadh polasaí a chur chun cinn mar chuid bhunúsach de rialtas áitiúil daonlathach.
- Ionracas na hEagraíochta a dhearbhu agus cinnte a dhéanamh de go nglacann na fostuithe agus na comhaltaí uile leis na Cleachtais Iompair ábhartha ina n-iomláine.
- Gach a mbaineann le gnó a chur i gcrích de réir an chaighdeáin is airde agus de réir an chleachtais is fearr agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní.

### **IMSHAOL OIBRIÚCHÁIN**

Cuireann Comhairle Cathrach Phort Láirge seirbhísí poiblí ar fáil le haghaidh réimse éagsúil gníomhaíochtaí a rachaidh chun tairbhe phobal Chathair Phort Láirge.

#### **Seirbhísí a chuireann Comhairle Cathrach Phort Láirge ar fáil.**

Leagtar amach sa chaibidil an seasamh atá ag gach Roinn i ndáil le soláthar seirbhíse. Níl aon Roinn nach bhfuil in ann a seirbhís a sheachadadh ar bhonn cuimsitheach trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Tá Oifigeach Gaeilge ag Comhairle Cathrach Phort Láirge agus déanfar freastal d'aon duine a bheidh ag iarraidh a ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Faoi láthair is go dátheangach atá gach páipéar cheann litreach agus gach duillín comaoine agus tá roinnt de na Foirmeacha iarratais ar fáil go dátheangach freisin.

#### **Tá CCPL roinnte sna Stiúrthóireachtaí a leanas:**

Cúrsaí Corparáideacha agus Iompar  
Seirbhísí Comhshaoil  
Airgeadas agus Córas Faisnéise  
Tithíocht agus Pobal agus Fiontar  
Pleanáil AD (Acmhainní Daonna) agus Cultúr

### **Cúrsaí Corparáideacha agus Iompar**

- Cuireann sé Rúnairacht ar fáil don Mhéara, don Ghrúpa Polasaí Chorparáidigh, agus do chomhaltaí na Comhairle agus bíonn lámh aige in ullmhúchán Clár Oibre, Miontuairiscí, Cruinnithe Speisialta, Cruinnithe Reachtúla, Cruinniú Bliantúil.
- Páirtíochta san Ionad Oibre
- CFBF (Córas Forbartha Bainistiú Feidhmíochta)
- Clár na dTogthóirí
- Eamhnú Bailte
- Deontais Ardoideachais
- Bainistíonn Bainistíocht Maoine talamh agus maoin sealbhais faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Phort Láirge
- Bonneagar bóithre a phleanáil agus a dhearadh
- Obair chothabhála a dhéanamh ar líonra na mbóithre
- Soilse poiblí
- Bainistiú tráchta, sábháilteacht agus comharthaí bóthair
- Polasaí páirceála agus a fhorfheidhmiú

### **Seirbhísí Comhshaoil**

- Cosaint Chomhshaoil – cáilíocht an Chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú
- Bonneagar Dramhaíola
- Glantachán
- Tionscnaimh feasachta comhshaoil
- Seirbhísí Draenála
- Soláthar, dáileachán agus caomhnú uisce
- Caighdeán Uisce Inólta
- Páirceanna/Ceantair faoin Aer agus Fóillíocht

### **Airgeadas agus TE**

- RAB (Ráiteas Airgeadais Bliantúil)
- Buiséadú cláir
- Iniúchadh Inmheánach
- Cuntais Infhaighte/Iníochta
- Seirbhísí ar líne
- Áiseanna for-rochtana
- CFG (Córas Faisnéise Geografaí)

### **Tithíocht, Pobal agus Fiontar**

- Riachtanais Tithíochta agus Daoine gan Dídean
- Tógáil Tithíochta
- Clár Oibre Feabhais/Athghiniúna
- Bainistíocht Eastáit
- Cóiríocht don Lucht Siúil
- Scéim um Chóiríocht ar Cíos
- Tacaíocht do Bhord Forbartha Chathair Phort Láirge
- Clár Rapid
- Dearbhú Barcelona á chur i bhfeidhm

- Seirbhís Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta

### **Pleanáil AD agus Cultúr**

- Pleanáil ar Aghaidh
- Caomhnú na hOidhreacht Foirgníochta
- Athnuachan Uirbeach
- Bainistiú Forbartha
- Forbairtí na Comhairle Cathrach
- Rialúchán Foirgnimh
- Earcú – Oiliúint agus Forbairt
- Seirbhís Leabharlainne
- Cartlanna agus Bainistiú Taifead
- Ealaíona
- Spóirt

### **Teagmháil le Custaiméirí**

Bíonn teagmháil fhorleathan againn le custaiméirí ag na pointí seirbhísí uile lena n-áirítear Halla na Cathrach, Oifigí Cathartha i Sráid Nua Bailey's, Geata Maritana, Áras an Easpaig, Leabharlanna, Árais. Baintear úsáid go forleathan as an idirlín le linn déileála le custaiméirí.

### **Taighde a Rinneadh**

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le linn ullmhúchán na scéime:

- (i) Cuireadh amach fógraí ag iarraidh aighneachtaí ón bpobal maidir le hullmhúchán na scéime.
- (ii) Rinneadh Suirbhé Custaiméirí – (Féach Aguisín 1)
- (iii) Rinneadh Suirbhé Fostuithe - (Féach Aguisín 1)

Fuarthas trí cinn d'aighneachtaí le linn na tréimhse comhairliúcháin. Ardaíodh ceisteanna i dtaobh:

Aistritheoirí agus Teangairí, go nglacfaidh Comhairle na cathrach polasaí fuinniúil dearfach lena hoibleagáidí faoin Acht a chur i bhfeidhm.

<b>Gealltanais Scéime chun an Soláthar Seirbhíse trí Ghaeilge a fheabhsú</b>
--

### **Modhanna Cumarsáide:**

- Cumarsáid duine ar dhuine ag na cuntair phoiblí uile
- Cuirteanna scoile ag an Méara, Roinn Pobail agus Fiontair.
- Ceardlanna/Comhairliúchán Poiblí/Cruinnithe Poiblí .i. Plean Forbartha
- Doiciméadú scríofa .i. litreacha
- Bróisiúir agus Bileoga/Postaeirí Faisnéise
- Foirmeacha iarratais
- Foilseacháin

- Preaseisiúintí
- Ríomhphost
- Suíomh Idirlín

**Gealltanais maidir le soláthar seirbhíse trí Ghaeilge**  
**Doiciméadú Scríofa:**

**In gach Bróisiúr, Bileog Faisnéise agus Póstaer Nua** – beidh réamhrá agus **Foirmeacha Iarratais** chun an t-ábhar ginearálta a thabhairt le fios agus nuair a gloc cuirfear réamhrá agus achoimriú gearr as Gaeilge in gach Bróisiúr, Bileog Faisnéise agus Póstaer atá ann faoi láthair chun an t-ábhar ginearálta a thabhairt le fios.

**Foirmeacha Iarratais**

Faoin am a mbeidh an scéim curtha i gcrích beidh gach foirm iarratais agus gach bileog eolais a ghabhann léi a thairgeann CCPL ar fáil go dátheangach laistigh den aon chlúdach ach amháin nuair nach bhfuil sin praiticiúil de bharr mhéid nó chineál an doiciméid. Is i bhfoirm dhátheangach a bheidh gach foirm agus gach bileog a ghabhann léi nuair a dhéanfar athsholáthar ar an stoc.

**M Doiciméid Pholasaí**  
**Thábhachtacha**

Foilseofar go dátheangach ar an suíomh idirlín seo againn Plean Forbartha Chathair Phort Láirge, polasaí páirceála lár na cathrach, Pleananna Ceantair Áitiúil, Polasaí Súgartha, maille le doiciméid atá deimhnithe faoi Alt 10 den Acht.

**Preaseisiúint**

Cuirfear preaseisiúintí a bhaineann leis an nGaeilge ar fáil go dátheangach agus cuirfear i gcúrsaíocht iad sna meáin Ghaeilge agus sna meáin Bhéarla go comhuaineach. Cuirfear 5% de na preaseisiúintí eile ar fáil ar bhonn dátheangach gach bliain le héifeacht ó thús na scéime.

**Suíomh Idirlín**

Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den suíomh idirlín ar fáil faoi láthair. Foilseofar na leathanaigh uile sa dá theanga faoin am a mbeidh an scéim curtha i gcrích Maidir le doiciméid a bhfuil deis íoschóipeála orthu ar an suíomh idirlín beidh siad ar fáil sa teanga nó sna teangacha inar foilsíodh iad.

**Cumarsáid Bhéil**

**Cumarsáid Bhéil** Cuirfear foirirí lasc-chláir a dhéanann an pobal an chéad teagmháil. Chomhairle Cathrach Phort Láirge a chinntiú go mbeidh cleachtas Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) ag feidhmiú sa réimse seo, is é sin faoin am a bheidh an scéim curtha i gcrích:

- Beidh fáilteoirí/foireann lasc-chláir in ann ainm an chomhlachta phoiblí a thabhairt i nGaeilge.
- Beidh cleachtadh acu ar a laghad ar na bunbheannachtaí i nGaeilge.

- Beidh socruithe oiriúnacha bunaithe le go mbeidh siad in ann baill an phobail a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atáthar a lorg trí Ghaeilge, más ann di.

Beidh seirbhís chuntair dhátheangach ar fáil ó Rannóg na Leabharlainne agus ó Rannóg na nAcmhainní Daonna faoi dheireadh na scéime. Má ghlaonn duine isteach agus más mian leis an té sin a g(h)nóthaí a dhéanamh trí Ghaeilge ach nach bhfuil cainteoir Gaeilge ar fáil chun déileáil leis/léi, cuirfear in iúl don duine sin cén uair a bheidh cainteoir Gaeilge ar fáil a bheidh in ann an tseirbhís a sholáthar agus tabharfar de rogha dó/di glaodh ar ais nuair a bheidh cainteoir Gaeilge ar fáil nó leanúint leis/léi as an mBéarla.

Beidh méid áirithe Gaeilge ina dhlúthchuid de bheannachtaí ag comhairliúcháin phoiblí, ag imeachtaí ardhphróifil agus le linn cuairteanna scoile agus pobail.

Cuirfear ainmneacha Gaeilge agus Béarla ar aon fhorbairtí cónaitheacha nua mar choinníoll cead phleanála. Is í an Chomhairle Cathrach a bheidh freagrach as ainmneacha cuí a roghnú agus a sheiceáil i gcomhchomhairle le Coimisiún na Logainmneacha más gá agus ag cur san áireamh logainmneacha, stair agus oidhreacht áitiúil an cheantair mar atá siad faoi láthair.

### **Córais TEC (Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide)**

Cinntoidh Comhairle Cathrach Phort Láirge go mbeidh aon bhogearra nua ríomhaire atá a fhorbairt a mbeidh rochtain phobail i gceist leis curtha in oiriúint don Ghaeilge agus cinntoidh sí freisin (chomh fada agus atá sé ar a cumas) go gcuirfear córais dá leithéid at ann cheana in oiriúint don Ghaeilge le linn saol-ré na scéime seo.

Comhlíonfaidh aon chóras nua idirghníomhach a shuiteálfar na coinníollacha teanga agus déanfar uasghrádú ar gach córas atá ann cheana féin ach go gcuirfidh Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil na córais riachtanacha ar fáil.

Is go dátheangach a bheidh aon ráiteas séanta nó teachtaireacht chaighdeánach i gcumarsáid ríomhphoist faoi dheireadh 2008.

<p><b>Training &amp; Development.</b></p>
---

Déanfaidh Comhairle Cathrach Phort Láirge infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt lena chinntiú go bhfaighidh an fhoireann agus na Comhairleoirí spreagadh agus an deis a n-inniúlacht féin i leith na Gaeilge a chur chun cinn. Déanfar freastal dó sin trí:

- Feasacht teanga - mar chuid de chúrsaí oiliúna ionductaithe agus cúram custaiméara araon.
- Oibrithe deonacha a lorg chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil i rannóga ar fud CCPL
- Cuirfear treoirlínte oiliúna i gcúrsaíocht i measc baill foirne, comhairleoirí agus lucht bainistíochta.

## Monatóireacht na Scéime

ar bhonn bliantúil agus cuirfear tuairisc  
faoi sa Tuarascán Bliantúil.

## Poiblíocht

in sna nuachtáin áitiúla uile, foilseofar ar an suíomh idirlín í agus  
ag gach ionad teagmhála poiblí, ag gach cuntair, i ngach leabharlann  
etc. agus cuirfear i gcúrsaíocht í i measc daoine óna bhfuairamar aighneachtaí.

## Aguisín – 1 (suirbhé)

### Suirbhé Custaiméara - Torthaí

An bhfuil Gaeilge agat? Tá – **80%** Nil – **20%**

Cén cumas labhartha atá agat? Cúpla focal **26%** Bunúsach **34%** Go maith **15%** Líofa **26%**

An maith leat Ceol/ Ealaíon / Cultúr Gaelach? Is maith **100%** Ní maith

Ar mhaith leat níos mó Comharthaí/Póstaeirí Gaeilge a fheiceáil sa Chathair? Ba mhaith **77%** Níor mhaith **23%**

An bhfáiltíonn tú roimh fhoirmeacha dátheangacha? Fáiltíonn **71%** Ní fháiltíonn **27%**

Ar smaoinigh tú riamh do ghnó le Comhairle Cathrach Phort Láirge a dhéanamh trí Ghaeilge? Smaoinigh – **19%** Níor smaoinigh **81%**

Dá mbeadh seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge ar an gcaighdeán céanna agus atá trí Bhéarla, an ndéanfá do ghnó trí Ghaeilge? Déanfaidh **39%** Ní dhéanfaidh **61%**

Ar mhaith leat bheith ar liosta na ndaoine a fhaigheann faisnéis uainn le ríomhphost? Ba mhaith **47%** Níor mhaith **53%**



## SUIRBHÉ na bhFOSTUITHE - (TORTHAÍ)

Cén cumas labhartha Gaeilge atá agat?

Ardchumas **10%** Cumas meánach **38%** Cumas íseal **45%** Gan chumas **7%**

Cén cumas scríofa Gaeilge atá agat?

Ardchumas-**10%** Cumas meánach **24%** Cumas íseal **52%** Gan chumas **14%**

Cén leibhéal oideachais atá agat sa Ghaeilge, tabhair sonraí

Ardteistiméireacht **83%** \_\_\_\_\_

Teastas/Diplóma **3%** \_\_\_\_\_

Céim \_\_\_\_\_

Eile **14%** \_\_\_\_\_

Ar fhreastail tú ar aon ranganna Gaeilge eile a chuir feabhas ar do chuid Ghaeilge agus/nó a chuidigh leat i do chuid oibre?

D'fhreastail **31%** Níor fhreastail **69%**

An bhfreastalófá ar ranganna Gaeilge?

D'Fhreastalóinn **79%** Ní fhreastalóinn **21%**

An ndéileáilann tú leis an bpobal?

Déileáilann **90%** Ní dhéileáilann **10%**

Cad iad na modhanna cumarsáide a mbaineann tú úsáid astu agus tú ag déileáil leis an bpobal; tabhair céatadán.

Ríomhphost **22%** Teileafón **29%** Cuntar **27%** Litir **22%**

An ndéileáilann/Ar dhéileáil tú leis an bpobal trí Ghaeilge; tabhair céatadán

Ríomhphost

7% Teileafón 27% Cuntar 47% Litir 27% \_

An ndéileáilann tú le heagraíochtaí eile a oibríonn trí/a úsáideann Gaeilge?

San Obair, **33%**  
Ar bhonn sóisialta nó eile **67%**

An mbeifeá compordach ag caint leis an bpobal trí Ghaeilge anois?

Bheinn **21%** Ní bheinn **79%**

Dá mbeadh oiliúint ar fáil leis sin a éascú, an mbeifeá compordach ag caint leis an bpobal trí Ghaeilge?

Bheinn **67%** Ní bheinn **30%** Nil mé cinnte **3%**

An bhfuil suim agat sa chultúr, sa cheol, sa drámaíocht nó sa litríocht Ghaelach?

Tá 90% Níl 10%

An bhfuil tú gafa le cultúr, le ceol, le drámaíocht nó le litríocht Ghaelach?

Tá 14% Níl 86%

An nglacfa páirt in imeachtaí Gaelacha dá mbeadh siad ar siúl i do cheantar féin/san ionad oibre?

Ghlacfaínn 71% Ní ghlacfaínn 21% B'fhéidir 7%